C/2025/872

6.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11890 – POLARIS MANAGEMENT / CSFI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/872)

1. An 24 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Polaris Management A/S ('Polaris Management') (an Danmhairg), faoi úinéireacht Polaris Equity ('Polaris') (an Danmhairg),

— Core Sustainability Fund I K/S ('CSFI') (an Danmhairg), faoi rialú Core Sustainability Capital A/S ('CSC') (an Danmhairg).

Gheobhaidh Polaris Management rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar CSFI ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin Comhaontú Aistrithe Gnó, trína dtiocfaidh Polaris Management in ionad CSC mar bhainisteoir cistí infheistíochta malartacha CSFI.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Polaris Management: Infheistíonn Polaris Equity i gcuideachtaí seanbhunaithe meánmhéide sna tíortha Nordacha agus cuireann sé caipiteal ar fáil dóibh. Mar bhainisteoir cistí infheistíochta malartacha, bainistíonn Polaris Management infheistíochtaí go gníomhach i 27 gcuideachta phunainne ar fud na dtrí straitéis infheistíochta atá aige: Polaris Private Equity, Polaris Flexible Capital, agus Polaris Public Equity,

— Is ciste infheistíochta malartach é CSFI a bunaíodh in 2022 le Velliv, Pension & Livsforsikring A/S, ag a bhfuil 99,9 % de scaireanna na comhpháirtíochta teoranta in CSF1 agus bunaíodh é chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí Nordacha agus iasachtaí a thabhairt dóibh i réimse an fhuinnimh in-athnuaite agus an optamaithe fuinnimh, na héifeachtúlachta acmhainní agus na cothromaíochta sóisialta. Tá infheistíochtaí cothromais mionlaigh ag CSFI in dhá chuideachta; Scanmetals A/S, atá gníomhach in Iarthar na hEorpa in aisghabháil miotal ó bhunluaith loisceoirí, agus Hoyer International ApS, ar soláthraí mótar leictreach ardfheidhmíochta é.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11890 – POLARIS MANAGEMENT / CSFI

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË